INSTITIÚID OIDEACHAIS MARINO
INSTITUTE OF EDUCATION
An Associated College of
Trinity College Dublin, the University of Dublin

**Institiúid Oideachais Marino (IOM)**

Agus é spreagtha ag fís na Críostaíochta, pobal teagaisc, foghlama agus taighde is ea Institiúid Oideachais Marino (IOM) atá tiomanta d'ionchuimsiú agus do bharr feabhais san oideachas a chur chun cinn. Is coláiste comhlachaithe de chuid Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, Ollscoil Bhaile Átha Cliath é IOM, agus cuireann sé cláir fochéime agus iarchéime san oideachas ar fáil, lena n-áirítear cláir oideachais thosaigh mhúinteoireachta.

Fáiltíonn Comhlacht Rialaithe IOM cuireadh roimh iarratais ó dhaoine ag a bhfuil cáilíochtaí oiriúnacha don phost de

# ÁNRA TEAGAISC I SOCRÚCHÁN SCOILE

Conradh téarma sheasta 2 bhliain, ar bhonn lánaimseartha

**CUR SÍOS GINEARÁLTA AR AN bPOST**
**Dualgais agus Téarmaí & Coinníollacha Ginearálta Fostaíochta**

## 1 PRÓIFÍL AN IARRTHÓRA AGUS RAON FEIDHME AN PHOIST

Is mian le hInstitiúid Oideachais Marino (IOM) Ánra Teagaisc a cheapadh ag a bhfuil saineolas ar Shocrúchán Scoile ar chonradh téarma sheasta dhá bhliain, neamh-inathnuaite ag tosú i mí Lúnasa 2025.

Tá IOM ar lorg ceapaí atá nuálach agus rannpháirtíoch chun modúil a theagasc a bhaineann go sainiúil le réimse an staidéir ghairmiúil ar chláir oideachais thosaigh do mhúinteoirí, lena n-áirítear ar an mBaitsiléir san Oideachas (Bunoideachas), B.Oid., ar an mBaitsiléir san Oideachas trí Mheán na Gaeilge (Bunoideachas), B.Oid., agus ar an Máistreacht Ghairmiúil san Oideachas (Bunoideachas), MGO. Beidh dualgais ar leith ag an gceapaí maidir le maoirseacht a dhéanamh ar mhic léinn ar shocrúcháin scoile, tacaíocht a thabhairt do theagascóirí socrúchán scoile mar aon le dualgais ghinearálta eile i réimse an oideachais.

Is tábhachtach an tréith é an tiomantas don fhoghlaim agus teagasc d'ardchaighdeán i dtimpeallacht mac léinn-lárnach. Tá sé inmhianaithe díograis le haghaidh timpeallacht ildisciplíneach a bheith ag an iarrthóir. Caithfidh an duine a cheapfar fianaise a léiriú ar thiomantas láidir do bharr feabhais sa teagasc, i bhfoghlaim agus i measúnú.

Is deis í seo do mhúinteoirí bunscoile atá cláraithe le Comhairle Mhúinteoireachta na hÉireann chun cur le forbairt múinteoirí faoi oiliúint agus a gcuid eolais agus taithí a roinnt agus chun oibriú le scoileanna ar fud na tíre. Tá an ról seo oiriúnach go háirithe do mhúinteoirí ag a mbeadh spéis i

socruithe maidir le sos gairme nó dóibh siúd ar mhaith leo leas a bhaint as timpeallacht teagaisc san ardoideachas.

**Cáilíochtaí agus Scileanna Bunriachtanacha** (i.e. scileanna nach féidir le hiarrthóir an post a dhéanamh gan iad. Ní dhéanfar iarratais a chur ar an ngearrliosta nár léirigh go soiléir go bhfuil na bunriachtanais ag an iarrthóir)**:**

Ionas go measfar iad don phost seo, beidh an méid a leanas ag teastáil ó iarrthóirí:

- Cáilíocht mhúinteoireachta ar leibhéal an bhunoideachais atá aitheanta, nó atá incháilithe le haghaidh aitheantais, ag Comhairle Mhúinteoireachta na hÉireann (Bealach 1).
- Cáilíocht iarchéime ar leibhéal Máistreachta nó níos airde san oideachas.
- Taithí 5 bliana ar mhúinteoireacht, go hidéalach ar fud réimse leathan de ghrúpaí ranga.
- Eolas ar fhorbairtí comhaimseartha i réimse an bhunoideachais, lena n-áirítear forbairtí curaclaim agus beartais le déanaí atá ábhartha don oideachas in Éirinn.
- Eolas ar mhodhanna teagaisc, ar chleachtas nuálaíoch agus ar theagasc/foghlaim comhoibríoch.
- Eolas agus taithí a léiriú ar mheantóireacht a dhéanamh ar mhúinteoirí faoi oiliúint nó ar chomhghleacaithe.
- Inniúil ar theicneolaíocht a úsáid chun teagasc, foghlaim agus forbairt ghairmiúil a dhéanamh.
- A bheith ag gabháil d'fhorbairt ghairmiúil agus cumas a léiriú maidir le múinteoirí faoi oiliúint a spreagadh chun barr a gcumais a bhaint amach.
- A bheith in ann obair as a stuaim féin agus mar bhall d'fhoireann.
- Solúbthacht ó thaobh socruithe oibre de chun freastal ar riachtanais teagascóirí, múinteoirí faoi oiliúint agus IOM.

<u>Critéir Inmhianaithe</u>

- Ceadúnas tiomána iomlán agus a bheith sásta tiomáint laistigh d'Éirinn.
- Taithí mar bhall d'Fhoireann Phroifisiúnta Tacaíochta Droichead (FPT).
- Ardchaighdeán Gaeilge (Gaeilge labhartha & scríofa) agus an cumas gach gné den ról seo a dhéanamh trí mheán na Gaeilge

**Ní mór d'iarrthóirí a léiriú go soiléir ina n-iarratais an dóigh a gcomhlíonann siad gach ceann de na réamhriachtanais seo.**

## 2. CUR SÍOS POIST

### <u>An Caidreamh Tuairiscithe</u>

Éilítear ar an gceapaí na dualgais a bhaineann leis an bpost a chur i gcrích, faoi stiúradh ginearálta an Stiúrthóra Socrúchán Scoile, dá bhfuil sé/sí freagrach, agus dá bhfuil sé/sí freagrach as feidhmiú na ndualgas sin ar an gcéad dul síos. Tuairisceoidh an ceapaí tríd an Stiúrthóir Socrúchán Scoile d'Uachtarán na hInstitiúide nó dá leithéid d'oifigigh IOM eile a d'fhéadfadh an tUachtarán a ainmniú ó am go ham. D'fhéadfadh an caidreamh tuairiscithe bheith faoi réir athbhreithniú tréimhsiúil, ar aon dul le riachtanais seirbhíse agus le forbairtí san Institiúid.

### <u>Dualgais agus Freagrachtaí</u>

Áirítear na nithe seo a leanas leis na dualgais:

- Modúil a theagasc agus a mheasúnú ar na cláir fochéime (B.Oid., B.Oid trí Mheán na Gaeilge) agus ar chláir iarchéime (MGO), de réir mar is gá.
- Teagasc, foghlaim agus measúnú nuálach a chur chun cinn i measc mac léinn faoi oiliúint thosaigh do mhúinteoirí agus teagascóirí socrúcháin.
- Páirt a ghlacadh i ndearadh, i bpleanáil, in éascú, i monatóireacht agus i measúnú na gClár Oiliúna FGL (Forbairt Ghairmiúil Leanúnach) do theagascóirí Socrúcháin Scoile.
- Idirchaidreamh a dhéanamh leis na suíomhanna socrúcháin, le ceannairí scoile, le múinteoirí, le comhordaitheoirí socrúcháin agus le riarthóirí, ar mhaithe le tacú le barr feabhais maidir le socrúcháin scoile a ullmhú agus a chur ar fáil.
- Tacaíocht a thabhairt do mhic léin ar shocrúcháin scoile trí mheantóireacht, trí mhaoirseacht, trí mheasúnú agus trí thuairisciú.
- Breathnóireacht a dhéanamh ar mhic léinn ar shocrúchán i suíomhanna oideachais (i rith uaireanta scoile), agus aiseolas ó bhéal agus i scríbhinn a thabhairt do mhic léinn.
- Ábhair/acmhainní a fhorbairt i gcomhar leis an bhFoireann Socrúcháin Scoile a bheadh mar thaca do shocrúcháin scoile ar chláir oideachais thosaigh do mhúinteoirí.
- Príomhthascanna riaracháin a dhéanamh agus sonraí/tuarascálacha a chur ar fáil de réir mar is gá leo ag IOM.
- Ag freastal ar chruinnithe uile Chúirteanna na Scrúdaitheoirí agus imeachtaí i bhFéilire na hInstitiúide, agus páirt a ghlacadh iontu, lena n-áirítear an Lá Oscailte agus ionduchtú.
- Dul i gcomhairle le mic léinn agus leis an bpobal foghlama i gcoitinne, lena n-áiríteardíospóireachtaí, seisiúin C&F agus imeachtaí ar líne a éascú.
- Ag cuidiú le measúnuithe (tascanna/láithreoireachtaí srl) a eagrú agus a mharcáil faoi mhaoirseacht bhall na dáimhe.
- Ag feidhmiú mar theagascóir pearsanta do mhic léinn de réir mar a leithdháilfear.
- Seacht dtreoirphrionsabal na n-iontaobhaithe a chur chun cinn.

I measc na ndualgas ar an gceapaí tá maoirseacht a dhéanamh ar mhic léinn agus iad ar shocrúchán mar chuid dá cláir bunchéime (B.Oid., Baitsiléir san Oideachas Trí Mheán na Gaeilge (Bunmhúinteoireacht), agus cláir iarchéime (lena n-áirítear an MGO).

Ba cheart a thabhairt faoi deara nach mór don cheapaí obair a dhéanamh mar bhall foirne i ngach réimse oibre/roinn laistigh den Institiúid. Cé go bhfuil na dualgais a bhaineann leis an bpost sainithe ar an iomlán faoi na ceannteidil éagsúla mar atá liostaithe, ní liosta uileghabhálach é liosta na ndualgas. Éileofar ar an gceapaí feidhmiú ar bhealach solúbtha agus comhghleacúil. Forchoimeádann IOM an ceart dualgais nua a shannadh nó foireann a athshannadh do réimsí eile na hInstitiúide, nó an dá rud araon, mar fhreagairt ar riachtanais seirbhíse.

## 3. EOLAS MAIDIR LE hIARRATAIS, MAIDIR LEIS AN bPRÓISEAS ROGHNÚCHÁIN AGUS EOLAS GINEARÁLTA EILE.

**<u>Modh Roghnúcháin le haghaidh Molta</u>**

Déanfar gearrliostú d'iarrthóirí a bheidh bunaithe ar cháilíochtaí, ar oiriúnacht agus ar thaithí oibre ábhartha an iarrthóra de réir mar atá sonraithe san iarratas. Is é an t-iarrthóir atá freagrach as a chinntiú go gcuirtear faisnéis ábhartha uile san áireamh lena iarratas/hiarratas agus go dtaispeánann sé/sí go soiléir an dóigh a gcomhlíonann sé/sí na critéir iarrthóra shonraithe.

Déanfaidh painéal agallaimh an t-agallamh a bheidh comhdhéanta de líon nach lú ná 3 dhuine, agus cuimseofar na daoine is oiriúnaí agus is cáilithí ann chun iarratasóirí sa disciplín a mheasúnú.

Is é an Comhlacht Rialaithe a dhéanann gach ceapachán fostaíochta ag IOM. Cuirfear moltaí an phainéil agallaimh maidir le hiarratasóirí rathúla a cheapadh do phoist uile faoi bhráid Chomhlacht Rialaithe IOM lena mbreithniú agus lena gcinneadh.

Ní mór d'iarrthóirí fianaise dhoiciméadach shásúil a chur ar fáil ar oiliúint agus ar thaithí uile arna maíomh acu, más gá.

**Tréimhse Phromhaidh**

Tá an ceapachán faoi réir ag an tréimhse phromhaidh 4 mhí chaighdeánach a chur i gcrích go sásúil. D'fhéadfaí an tréimhse phromhaidh a shíneadh faoi rogha na hInstitiúide ach in aon chás ní mhairfidh sí níos mó ná 4 mhí. Sínfear an tréimhse phromhaidh mar gheall ar neamhláithreachtaí lena linn. Déanfar monatóireacht ar fheidhmíocht agus ar iompar le linn na tréimhse promhaidh trí phróiseas de chruinnithe measúnaithe. Beidh foirceannadh fostaíochta le linn na tréimhse promhaidh faoi rogha na hInstitiúide. Beidh leagan ciorraithe den nós imeachta smachta infheidhme maidir le fostaithe ar promhadh.

**Grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána**

D'fhéadfadh sé a bheith riachtanach d'iarratasóirí rathúla uile páirt a ghlacadh i nGrinnfhiosrúchán an Gharda Síochána. Tabharfar treoracha sainiúla maidir leis an bpróiseas sin ag an am iomchuí. Déanfar iarrthóirí nach gcomhlíonann riachtanais na hInstitiúide maidir leis sin a eisiamh ó bhreithniú don cheapachán seo.

**Oiliúint Bhunriachtanach**

Beidh ar an iarrthóir a éiríonn leis nó léi tabhairt faoin oiliúint chomhlíontachta bhunriachtanach seo a leanas: Ionduchtú, Sláinte & Sábháilteacht agus Cosaint Sonraí (RGCS), agus ní mór dó/di fianaise a sholáthar ar Oiliúint maidir le Cosaint Leanaí de chuid Tusla a bheith déanta acu. Seans go mbeadh gá le tabhairt faoi oiliúint eile má tá gá leis sin.

**Tuarastal**

Is é scála an tuarastail bhliantúil reatha ná €42,500 go €54,139 (scála 6 phointe).

**Na hIarratais a Dhéanamh**

Déan iarratas le litir chlúdaigh agus CV amháin (ní chuirtear aon fhoirm iarratais speisialta ar fáil), tríd an ríomhphost más féidir chuig careers@mie.ie nó tríd an bpost chuig:

An Oifig Acmhainní Daonna
Institiúid Oideachais Marino
Ascaill Uí Ghríofa
Baile Átha Cliath 9 (D09 R232)

**Ní mór iarratais chomhlánaithe a bheith faighte faoi 12 meán lae, Dé hAoine an 02 Bealtaine 2025. Ní ghlacfar le hiarratais dhéanacha.**

Ní bheidh an Institiúid freagrach as costais ar bith, lena n-áirítear speansais taistil, a bhféadfadh iarrthóirí iad a thabhú i ndáil lena n-iarrthóireacht.

*Is fostóir comhdheiseanna í Institiúid Oideachais Marino.*